C/2024/3826

13.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11572 – VTTI / SHELL / DRAGON LNG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3826)

1. An 4 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— VTTI B.V. ('VTTI', an Ísiltír),

— BG Energy Holdings Ltd ('BG Energy Holdings', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Shell Plc ('Shell', an Ríocht Aontaithe),

— Dragon LNG Group Ltd ('Dragon LNG', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú comhpháirteach Shell agus Ancala (Scot) LP (an Ríocht Aontaithe) faoi láthair.

Gheobhaidh VTTI agus BG Energy Holdings rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Dragon LNG.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is le VTTI sócmhainní bonneagair fuinnimh ar fud an domhain, agus déanann sé iad a bhainistiú, a oibriú agus a fhorbairt, lena n-áirítear críochfoirt stórála fuinnimh le haghaidh táirgí peitriceimiceacha agus ola glasraí ag calafoirt agus cuanta,

— Tá infheistíochtaí ag BG Energy Holdings i gcuideachtaí Shell, atá gníomhach in earnáil an fhuinnimh agus in earnáil na bpeitriceimiceán,

— Tá críochfort athghásaithe, allmhairithe agus stórála GNL sa Bhreatain Bheag, sa Ríocht Aontaithe go príomha faoi úinéireacht Dragon LNG agus á oibriú aige.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11572 – VTTI / SHELL / DRAGON LNG

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË